2026/2019

20.11.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/2019 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Meán Fómhair 2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 ([1]), agus go háirithe Airteagal 66, mír 1, pointí (b) agus (k), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is páirtí sa Choimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT) é an tAontas agus é tar éis Coinbhinsiún ICCAT a fhormheas de bhun Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle ([2]).

(2) Glacann ICCAT bearta chun caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe fhadtéarmach na n-acmhainní iascaigh i limistéar Choinbhinsiún ICCAT a áirithiú agus chun na héiceachórais mhuirí ina bhfuil na hacmhainní sin a chosaint. Tá bearta den sórt sin ina gceangal ar an Aontas.

(3) Chun go gcomhlíonfaidh an tAontas an sprioc-am chun pleananna bliantúla a chur isteach, ar sprioc-am é a leagtar síos le Moladh 25-04 i ndáil le bainistiú an tuinnín ghoirm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir ([3]), ní mór an sprioc-am is infheidhme maidir leis na Ballstáit a thabhairt chun tosaigh.

(4) Thairis sin, is gá roinnt leasuithe a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2023/2053 chun an fhoirm maidir le dearbhuithe aistrithe in Iarscríbhinn VI, chomh maith leis an bhfoirm maidir le dearbhuithe cur i gcaighean in Iarscríbhinn XIV, a thabhairt cothrom le dáta.

(5) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na forálacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta le haghaidh soithí de chuid an Aontais agus ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha gaolmhara, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/2053 mar a leanas:

(1) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Faoin 16 Eanáir gach bliain, déanfaidh gach Ballstát ag a bhfuil cuóta tuinníní gorma na pleananna seo a leanas a chur faoi bhráid an Choimisiúin:

(a) an plean iascaireachta bliantúil le haghaidh na soithí gabhála agus na ngaistí atá i mbun tuinníní gorma a ghabháil san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, a bhunófar i gcomhréir le hAirteagal 11;

([1]) IO L 238, 27.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2053/oj.

([2]) Cinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún a síníodh i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1986/238/oj).

([3]) Moladh 25-04 ó ICCAT lena n-ionadaítear Moladh 24-05 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil um an tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, https://iccat.int/Documents/Recs/compendiopdf-e/2025-04-e.pdf.

(b) an plean bliantúil bainistithe acmhainneachta iascaireachta a bhunófar i gcomhréir le hAirteagal 13;

(c) an plean bliantúil faireacháin, rialaithe agus cigireachta a bhunófar i gcomhréir le hAirteagal 14; agus

(d) an plean bliantúil bainistithe feirmeoireachta a bhunófar i gcomhréir le hAirteagal 15.';

(2) Déantar Iarscríbhinní VI agus XIV a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/2053 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn VI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

'DEARBHÚ AISTRITHE ICCAT

<table>
<tr><td colspan="2">Uimh. doiciméid</td><td colspan="2">Dearbhú Aistrithe ICCAT</td></tr>
<tr><td colspan="4">1 - AISTRIÚ TUINNÍNÍ GORMA BEO CHUN CRÍOCH FEIRMEOIREACHTA</td></tr>
<tr><td rowspan="3">Ainm an tsoithigh iascaireachta:

Glao-chomhartha:

Bratach:

Cláruimhir ICCAT:

Sainaithint sheachtrach:

Uimhir an údaraithe aistrithe:

Uimhir an logleabhair iascaireachta:

Uimhir COI:

Uimhir r-DGTG:</td><td rowspan="3">Ainm an ghaiste:

Cláruimhir ICCAT:

Ainm na feirme deontóra (1):

Cláruimhir ICCAT:</td><td>Ainm an chéad soithigh tarraingthe:

Bratach:

Cláruimhir ICCAT:

Sainaithint sheachtrach:

Uimhir an chaighin iompair:</td><td>Ainm na feirme cinn scríbe:

Cláruimhir ICCAT:</td></tr>
<tr><td>Ainm an dara soithigh tarraingthe (2):

Bratach:

Cláruimhir ICCAT:

Sainaithint sheachtrach:

Uimhir an chaighin iompair:</td><td>Ainm na feirme cinn scríbe (3):

Cláruimhir ICCAT:</td></tr>
<tr><td>Ainm an tríú soithigh tarraingthe (2):

Bratach:

Cláruimhir ICCAT:</td><td>Ainm na feirme cinn scríbe (3):

Cláruimhir ICCAT:</td></tr>
</table>

		Sainaithint sheachtrach: Uimhir an chaighin iompair:	

2 – FAISNÉIS FAOIN gCÉAD AISTRIÚ

Dáta: _ _ / _ _ / _ _ _ _		Áit nó suíomh:	Calafort:	Domhanleithead: Domhanfhad:
An chéad aistriú Uimh.1 An líon aonán agus an meáchan measta (kg) sa chéad chaighean ([4]): An chéad aistriú: Aistriú deonach: Aistriú rialaithe: Tuinníní gorma marbha le linn an aistrithe ([5]):	An chéad aistriú Uimh.2 An líon aonán agus an meáchan measta (kg) sa dara caighean ([4]): An chéad aistriú: Aistriú deonach: Aistriú rialaithe: Tuinníní gorma marbha le linn an aistrithe ([5]):			An chéad aistriú Uimh.3 An líon aonán agus an meáchan measta (kg) sa tríú caighean ([4]): An chéad aistriú: Aistriú deonach: Aistriú rialaithe: Tuinníní gorma marbha le linn an aistrithe ([5]):
Ainm agus síniú mháistir an tsoithigh iascaireachta / oibreoir an ghaiste / oibreoir na feirme:	Ainm agus síniú mháistir an tsoithigh glactha: An chéad soitheach glactha: An dara soitheach glactha: An tríú soitheach glactha:			Ainm an bhreathnóra, Uimhir ICCAT agus síniú:
An bhfuil breathnóir tar éis a bheith i láthair: (Tá/Níl) An líon measta aonán arna mheas ag an mBreathnóir Réigiúnach: Uimhreacha séalaí ([6]):	Cúiseanna le heasaontas:			Rialacha nó nós imeachta nár urramaíodh:

3 – AISTRITHE BREISE ([7]) ([8])

Uimhir an chéad aistrithe:

AISTRIÚ BREISE 1

Dáta: _ _ / _ _ / _ _ _ _ Uimhir an dearbhaithe aistrithe:			Áit nó suíomh: Calafort: Domhanleithead: Domhanfhad:	
Ainm an tsoithigh tarraingthe deontóra: Ainm an tsoithigh tarraingthe glactha:	Glao-chomhartha: Glao-chomhartha:	Bratach: Bratach	Cláruimhir ICCAT: Cláruimhir ICCAT:	Ainm na feirme cinn scríbe: Cláruimhir ICCAT:
Uimhir an údaraithe aistrithe:		Sainaithint sheachtrach:	Uimhir an chaighin deontóra: Uimhir an chaighin glactha:	Ainm agus síniú mháistir an tsoithigh deontóra: Ainm agus síniú mháistir an tsoithigh glactha:
An líon aonán a aistríodh agus an meáchan measta (kg) ([4]): Aistriú breise: Aistriú deonach: Aistriú rialaithe: I gcás aistriú deonach nó aistriú rialaithe: i. Faisnéis maidir leis an soitheach tarraingthe glactha: Ainm: Bratach: Cláruimhir ICCAT: Sainaithint sheachtrach: ii. Uimhir an chaighin iompair:			An líon tuinníní gorma a fuair bás le linn an aistrithe:	

AISTRIÚ BREISE 2

Dáta: _ _/_ _/_ _ _ _ Uimhir an dearbhaithe aistrithe:			Áit nó suíomh: Calafort: Domhanleithead: Domhanfhad:	
Ainm an tsoithigh tarraingthe deontóra: Ainm an tsoithigh tarraingthe glactha:	Glao-chomhartha: Glao-chomhartha:	Bratach: Bratach:	Cláruimhir ICCAT Cláruimhir ICCAT:	Ainm na feirme cinn scríbe: Cláruimhir ICCAT:
Uimhir an údaraithe aistrithe:		Sainaithint sheachtrach:	Uimhir an chaighin deontóra: Uimhir an chaighin glactha:	Ainm agus síniú mháistir an tsoithigh deontóra: Ainm agus síniú mháistir an tsoithigh glactha:

An líon aonán a aistríodh agus an meáchan measta (kg) ([4]) Aistriú breise: Aistriú deonach: Aistriú rialaithe: I gcás aistriú deonach nó aistriú rialaithe i. Faisnéis maidir leis an soitheach tarraingthe glactha: Ainm: Bratach: Cláruimhir ICCAT: Sainaithint sheachtrach: ii. Uimhir an chaighin iompair:	An líon tuinníní gorma a fuair bás le linn an aistrithe:

AISTRIÚ BREISE 3

Dáta: _ _/_ _/_ _ _ _ Uimhir an dearbhaithe aistrithe:	Áit nó suíomh: Calafort: Domhanleithead: Domhanfhad:

Ainm an tsoithigh tarraingthe deontóra: Ainm an tsoithigh tarraingthe glactha:	Glao-chomhartha: Glao-chomhartha:	Bratach: Bratach:	Cláruimhir ICCAT: Cláruimhir ICCAT:	Ainm na feirme cinn scríbe: Cláruimhir ICCAT:
Uimhir an údaraithe aistrithe:		Sainaithint sheachtrach:	Uimhir an chaighin deontóra: Uimhir an chaighin glactha:	Ainm agus síniú mháistir an tsoithigh deontóra: Ainm agus síniú mháistir an tsoithigh glactha:
An líon aonán a aistríodh agus an meáchan measta (kg) ([4]) Aistriú breise: Aistriú deonach: Aistriú rialaithe: I gcás aistriú deonach nó aistriú rialaithe i. Faisnéis maidir leis an soitheach tarraingthe glactha: Ainm: Bratach: Cláruimhir ICCAT: Sainaithint sheachtrach: ii. Uimhir an chaighin iompair:			An líon tuinníní gorma a fuair bás le linn an aistrithe:	

([1]) Le líonadh isteach i gcás aistrithe idir dhá fheirm éagsúla.
([2]) Le líonadh isteach má aistrítear an ghabháil chuig níos mó ná caighean iompair amháin.
([3]) Le líonadh isteach i gcás ina rachaidh na caighin iompair chuig níos mó ná feirm amháin.
([4]) An líon aonán agus an meáchan arna meas ag an oibreoir deontóra le haghaidh an aistrithe a mheastar a bheith bailí. I gcás inar gá an oibríocht a athdhéanamh, cuir isteach N/B sa ró ábhartha (e.g. i gcás nár soláthraíodh físeán leormhaith leis an gcéad aistriú ná leis an aistriú deonach: An chéad aistriú: N/B, aistriú deonach: N/B, aistriú rialaithe: 1 030 píosa, 123 600 kg).
([5]) An líon aonán a fuair bás agus an meáchan measta.
([6]) Le líonadh isteach ag Breathnóir Réigiúnach ICCAT i gcás ina mbeidh an caighean iompair le séalú i gcomhréir le hAirteagal 43a, pointe (5) agus Iarscríbhinn XVa.
([7]) Le líonadh isteach ag máistir an tsoithigh tarraingthe deontóra le haghaidh gach ceann de na haistrithe idir soithí tarraingthe, a dhéantar tar éis an chéad aistrithe.
([8]) Líonfar isteach an roinn seo le haghaidh gach ceann de na chéad. Má roinntear níos mó ná aon chéad aistriú amháin i gcaighin iompair iomadúla, déanfaidh máistir an tsoithigh tarraingthe deontóra macasamhail den dearbhú aistrithe bunaidh ionas go mbeidh cóip amháin den dearbhú aistrithe ag gabháil leis an gcaighean nó leis na caighin le haghaidh na feirme cinn scríbe céanna.’

(2) in Iarscríbhinn XIV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

'DEARBHÚ CUR I GCAIGHEAN ICCAT

Dearbhú Cur i gCaighean ICCAT	Uimhir an Doiciméid:
1 - TUINNÍNÍ GORMA A CHUR I gCAIGHEAN	
Ainm na feirme:	Ainm an tsoithigh tarraingthe:
Uimhir Chlár ICCAT:	Uimhir Chlár ICCAT:
Uimhir an údaraithe cur i gcaighean:	Bratach:
Uimhir an chaighin iompair:	Uimhir COI:
Uimhir an chaighin feirme:	Uimhir/Uimhreacha r-DGTG:
Dáta cur i gcaighean:	Uimhir/uimhreacha an dearbhaithe aistrithe/na ndearbhuithe aistrithe:
Tuinníní gorma a fuair bás agus iad á n-iompar ([1]):	

2 - FAISNÉIS MAIDIR LE CUR I gCAIGHEAN – OIBREOIR FEIRME AGUS BREATHNÓIR ICCAT ([2])		
	Oibreoir feirme	Breathnóir ICCAT:
An líon aonán:		
Cainníochtaí ina kg:		Ní bhaineann le hábhar
An líon tuinníní gorma agus an meáchan (kg) tuinníní gorma a bhí marbh le linn cur i gcaighean:		
Ainm an oibreora feirme, dáta agus síniú:	Ainm an bhreathnóra, Uimhir ICCAT, dáta agus síniú:	
An bhfuil breathnóir tar éis a bheith i láthair: (Tá/Níl)	Cúiseanna le heasaontas:	Rialacha nó nós imeachta nár urramaíodh:

3 - FAISNÉIS MAIDIR LE CUR I gCAIGHEAN – ÚDARÁIS FEIRME CPC ([3])	
An líon aonán:	Cainníochtaí ina kg:
Oifigeach údaráis CPC, dáta agus síniú:	

([1]) An líon iomlán tuinníní gorma agus an meáchan iomlán (kg) tuinníní gorma ar thuairiscigh máistir/máistrí an tsoithigh/na soithí tarraingthe a d'iompair na héisc a cuireadh i gcaighean iad a bheith marbh.
([2]) Cainníochtaí arna gcinneadh ag an oibreoir feirme agus ag breathnóir ICCAT tar éis anailís a dhéanamh ar an bpíosa scannánaíochta a rinneadh le ceamara steiréascópach ina bhfeictear an oibríocht cur i gcaighean.
([3]) Cainníochtaí arna suí ag údaráis feirme CPC le haghaidh na hoibríochta cur i gcaighean iarbhír nuair a bheidh sonraí ar fáil.'